C/2026/4521

24.8.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/4521)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Alsace grand cru Froehn’

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-A0384-AM03 — 29.5.2026

1. **Ainm an táirge**

‘Alsace grand cru Froehn’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Fhrainc

5. **An Ballstát atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta, Agraibhia agus Bhiaflaithis, Ard-Stiúrthóireacht Fheidhmíocht Eacnamaíoch agus Chomhshaoil na bhFiontar

6. **Cáilíocht mar leasú caighdeánach**

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe ar an tsonraíocht táirge sin mar a shainmhínítear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143.

Níl aon cheann de na trí chás ar leasú ar leibhéal an Aontais iad i gceist leis an iarratas ar leasú ar an TGFC; go sonrach:

(a) níl i gceist leis athrú ar an ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí a ainmnítear leis an tásc geografach;

(b) níl baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach ar neamhní;

(c) níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leis. Measann údaráis na Fraince dá bhrí sin gur le haghaidh leasú ‘caighdeánach’ an t-iarratas.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú (nó ar na leasuithe) formheasta**

Teideal

Cineál an táirge

Tuairisc

I gCaibidil I, Roinn III, den tsonraíocht táirge, leasaíodh an téacs chun a léiriú, tar éis scrúdú a dhéanamh ar an iarratas ar aitheantas d'fhíonta dearga socra ar an leibhéal náisiúnta le haghaidh an ainmniúcháin tionscnaimh sin, nach bhforchoimeádtar an t-ainmniúchán 'Alsace grand cru Vorbourg' go heisiach a thuilleadh le haghaidh fíonta geala socra.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Limistéar geografach

Tuairisc

I gCaibidil I, Roinn IV(1) den tsonraíocht, tugadh an tagairt don Chód Geografach Oifigiúil cothrom le dáta: tagraítear do leagan 2025 anois. Ní dhéanann an leasú seo difear do theorainn an limistéir gheografaigh.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Limistéar dáileachta críochaithe

Tuairisc

I gCaibidil I, Roinn IV(2) den tsonraíocht, cuireadh dáta an 25 Meitheamh 2024 isteach.

Sainítear sa limistéar dáileachta críochaithe na dáileachtaí talún atá oiriúnach chun na fíonchaora a tháirgeadh atá beartaithe chun fíon lena ngabhann an t-ainmniúchán a tháirgeadh.

Tá an limistéar sin formheasta ag coiste náisiúnta inniúil na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Limistéar díreach in aice láimhe

Tuairisc

I gCaibidil I, Roinn IV(3) den tsonraíocht, tugadh an tagairt don Chód Geografach Oifigiúil cothrom le dáta: tagraítear do leagan 2025 anois. Ní dhéanann an leasú seo difear do theorainn an limistéir atá díreach in aice láimhe, ach ceanglaítear leis na nuashonruithe seo a leanas ar an liosta bardas:

— i gcás roinn Haut-Rhin, cuireadh 'Herrlisheim-près-Colmar' agus 'Soultz-Haut-Rhin' faoi seach in ionad ainmneacha bhardais 'Herrlisheim' agus 'Soultz';

— i gcás roinn Bas-Rhin:

  — rinneadh bardas 'Gimbrett' (bardas gaolmhar, atá ceangailte le Berstett) de bhardas 'Gimbrett-Berstett';

  — scriosadh ainm an bhardais 'Mittelhausen' agus cuireadh ainm an bhardais 'Wingersheim les Quatre Bans' isteach, mar aon leis an bhfaisnéis gurb é críoch bhardas tarmligthe Mittelhausen an t-aon chuid den bhardas sin atá san áireamh.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Dlús plandaithe

Tuairisc

I gCaibidil I, Roinn VI(1)(a) den tsonraíocht, chun fíon dearg a tháirgeadh, rinneadh na focail 'nó "Alsace grand cru Vorbourg"' a chur leis an gcéad mhír i ndiaidh 'Alsace grand cru Hengst', tar éis scrúdú a dhéanamh ar an iarratas ar aitheantas d'fhíonta dearga socra le haghaidh an ainmniúcháin sin ar an leibhéal náisiúnta.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Riail maidir le prúnáil

Tuairisc

I gCaibidil I, Roinn VI(1)(b) den tsonraíocht, chun fíonta dearga a tháirgeadh, prúnáiltear na fíniúnacha chuig Guyot singil nó dúbailte agus 14 bhachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda ann.

Eascraíonn an leasú sin as an scrúdú a rinneadh ar an iarratas ar aitheantas d'fhíonta dearga faoin ainmniúchán tionscnaimh 'Alsace grand cru Vorbourg'.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Aibíocht na bhfíonchaor agus neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte

Tuairisc

I gCaibidil I, Roinn VII(2)(a), den tsonraíocht, leasaíodh an tábla chun an t-iarratas ar aitheantas d'fhíonta dearga socra a scrúdaíodh ar an leibhéal náisiúnta don ainmniúchán 'Alsace grand cru Vorbourg' a chur san áireamh.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Íostréimhse aibithe

Tuairisc

I gCaibidil I, Roinn IX(2) den tsonraíocht, athraíodh an tréimhse aibithe íosta le haghaidh fíonta dearga agus fíonta geala go dtí an 1 Samhain den bhliain tar éis na buana.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

An dáta a chuirtear ar an margadh é lena dhíol leis an tomhaltóir

Tuairisc

I gCaibidil I, Roinn IX(5)(a), sonraítear nár cheart, tar éis na tréimhse aibithe, fíonta geala agus fíonta dearga a chur ar an margadh le haghaidh tomhaltóirí go dtí an 1 Samhain den bhliain tar éis na buana, i gcomhréir leis an athrú ar an tréimhse aibithe.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Nasc leis an limistéar geografach

Tuairisc

Tar éis fíonta dearga socra a aithint le haghaidh an ainmniúcháin 'Alsace grand cru Vorbourg', forlíonadh na ranna maidir leis na tosca daonna a chuireann leis an nasc leis an limistéar geografach, cáilíocht agus saintréithe na dtáirgí agus na hidirghníomhaíochtaí cúisíocha le haghaidh an ainmniúcháin sin.

Maidir leis na hainmniúcháin ‘Alsace grand cru Hengst’ agus ‘Alsace grand cru Kirchberg de Barr’, déantar an tréimhse aibithe íosta a thugtar le haghaidh fíonta dearga a mhéadú ó 10 mí go 11 mhí.

I gCaibidil I, Roinn X(1)(b), an cúigiú mír den tsonraíocht, i gcás gach ceann de na 51 ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint ‘Alsace grand cru’, cuireadh ‘úsáidtear go traidisiúnta le haghaidh’ in ionad na bhfocal ‘ceanglaítear le haghaidh’ chun athruithe a bhaineann leis an bpacáistiú a léiriú (cineálacha buidéal a cheadaítear).

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Comhlacht cigireachta

Tuairisc

Leasaíodh Caibidil III, Roinn II den tsonraíocht chun tagairt a dhéanamh don chomhlacht cigireachta agus chun na rialacha dréachtaithe nua maidir leis an roinn seo a chomhlíonadh.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Forálacha maidir le pacáistiú

Tuairisc

Cuireadh na forálacha seo a leanas in ionad Chaibidil I, Roinn IX(3)(a) den tsonraíocht:

‘(a) Ní mór fíonta ag a bhfuil na hainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint a mbaineann an tsonraíocht seo leo a phacáistiú i mbuidéil “Vin du Rhin”, i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais agus le Foraithne Uimh. 55-673 an 20 Bealtaine 1955, Ordú an 13 Bealtaine 1959 agus Foraithne an 19 Márta 1963, nó i mbuidéil ag a bhfuil na saintréithe seo a leanas:

Soithí 300 cl: cabhail ghloine ar a bhfuil taobh díreach, ar a bhfuil cuma shorcóireach, ag a bhfuil scrogall fadaithe, nach mó ná na comhréireanna seo a leanas:

— cóimheas idir an airde iomlán agus an trastomhas buin idir 4,3 agus 5,0

— cóimheas idir airde iomlán agus airde na coda sorcóirí idir 2,4 agus 3,1

Soithí 150 cl: cabhail ghloine ar a bhfuil taobh díreach, ar a bhfuil cuma shorcóireach, ag a bhfuil scrogall fadaithe, nach mó ná na comhréireanna seo a leanas:

— cóimheas idir an airde iomlán agus an trastomhas buin idir 4,8 agus 5,2

— cóimheas idir airde iomlán agus airde na coda sorcóirí idir 2,1 agus 3,1

Soithí 100 cl: cabhail ghloine ar a bhfuil taobh díreach, ar a bhfuil cuma shorcóireach, ag a bhfuil scrogall fadaithe, nach mó ná na comhréireanna seo a leanas:

— cóimheas idir an airde iomlán agus an trastomhas buin idir 3,6 agus 5,0

— cóimheas idir airde iomlán agus airde na coda sorcóirí idir 2,1 agus 3,1

Soithí 75 cl: cabhail ghloine ar a bhfuil taobh díreach, ar a bhfuil cuma shorcóireach, ag a bhfuil scrogall fadaithe, nach mó ná na comhréireanna seo a leanas:

— cóimheas idir an airde iomlán agus an trastomhas buin idir 3,8 agus 5,1

— cóimheas idir airde iomlán agus airde na coda sorcóirí idir 2,8 agus 5,0

Soithí 50 cl: cabhail ghloine ar a bhfuil taobh díreach, ar a bhfuil cuma shorcóireach, ag a bhfuil scrogall fadaithe, nach mó ná na comhréireanna seo a leanas:

— cóimheas idir an airde iomlán agus an trastomhas buin idir 4,3 agus 5,1

— cóimheas idir airde iomlán agus airde na coda sorcóirí idir 2,5 agus 4,2

Soithí 37,5 cl: cabhail ghloine ar a bhfuil taobh díreach, ar a bhfuil cuma shorcóireach, ag a bhfuil scrogall fadaithe, nach mó ná na comhréireanna seo a leanas:

— cóimheas idir an airde iomlán agus an trastomhas buin idir 4,3 agus 5,1

— cóimheas idir airde iomlán agus airde na coda sorcóirí idir 2,5 agus 5,2

soithí níos lú ná 37,5 cl: cabhail ar a bhfuil taobh díreach, ar a bhfuil cuma shorcóireach, ag a bhfuil scrogall fadaithe, nach mó ná na comhréireanna seo a leanas:

— cóimheas idir an airde iomlán agus an trastomhas buin idir 3,3 agus 4,4

— an cóimheas idir airde iomlán agus airde na coda sorcóirí idir 2,6 agus 3,0.'

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Bearta idirthréimhseacha

Tuairisc

I gCaibidil I, Roinn XI(2):

— Cuireadh na forálacha seo a leanas in ionad na míre deireanaí:

'A mhéid a bhaineann leis na rialacha maidir le prúnáil, leanann na fíniúnacha de bheith i dteideal an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint le haghaidh a mbuana go dtí go ndéantar iad a stoitheadh ó fhréamh, nó suas le buain 2033 ar a dhéanaí agus an bhuain sin san áireamh.

A mhéid a bhaineann leis na rialacha maidir le dlús plandaithe agus treilísiú, leanann na fíniúnacha de bheith i dteideal an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint le haghaidh a mbuana go dtí go ndéantar iad a stoitheadh ó fhréamh.'

— Seo a leanas na forálacha a cuireadh isteach:

'I gcás na ndáileachtaí talún lena mbaineann, ní mór an toirt atá incháilithe chun an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint a úsáid a shuí ar bhonn na táirgeachta a leagtar amach i Roinn VIII, pointe 1, den tsonraíocht táirge seo, arna hiolrú faoi chomhéifeacht 0,8.'

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíon

'Alsace grand cru Froehn'

Uimhir thagartha AE: PDO-FR-A0384-AM03 - 29.5.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Alsace grand cru Froehn'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **An tír ina bhfuil an limistéar geografach sainithe**

An Fhrainc

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

1. Fíon

6. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

Táirge fíniúna

Fíonta geala

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Tá dhá chineál fíona ann:

— fíonta tirime ag a bhfuil mianracht, ar minic dath buí órga orthu ina bhfuil imireacha glasa;

— fíonta aramatacha, a bhíonn an-aibí go minic agus a mbíonn dath buí órga orthu.

Dea-bholadh

Bíonn dea-bholaithe cumhachtacha ag na fíonta agus bíonn go leor fíneáltachtaí acu.

Blas

Is samplaí den scoth d'fhíonta geala iad, tá siad oiriúnach lena n-aosú, bíonn úire den scoth mar shaintréith díobh agus bíonn aigéad tartarach ceannasach mar bhonn taca leo mar aon le fíonchaora a bhíonn aibithe go haoibhinn.

Tá substaint agus castacht mhór ag baint leis na fíonta. Éiríonn siad níos casta de réir a chéile agus bíonn iarbhlas fada orthu sa bhéal.

Tá dhá chineál fíona ann:

— fíonta tirime ag a bhfuil mianracht; tá torthaíocht mhealltach acu, agus an tráth céanna is cúis í sin le seiliú láidir a bhfuil aigéadacht fhada chasta ag baint leis;

— fíonta aramatacha atá torthaíoch, olartha agus saibhir. is minic a bhíonn siad an-aibí, bíonn siad neart siúcra iontu de ghnáth, agus spiorad aerach indíleáite á choinneáil ar bun acu ag an am céanna.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	ina mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Maidir le Gewürztraminer Rs agus Pinot Gris G, is é 12,5 % neart alcóil nádúrtha na bhfíonta de réir toirte, agus is é 11 % an neart atá ann le haghaidh cineálacha eile. Maidir leis na fíonta a dhéantar as na cineálacha Gewürztraminer B agus Pinot Gris G, ní bhíonn neart alcóil iomláin na bhfíonta sin níos mó ná 15 % tar éis a saibhrithe, agus ní bhíonn neart níos mó ná 14 % ag na fíonta a dhéantar as cineálacha eile.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Ainmniúchán agus na focail 'Vendanges Tardives' ina dhiaidh

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Bíonn dath domhain dian ar na fíonta sin idir ómra go buí.

Dea-bholadh

Is minic a fhaightear dea-bholaithe an-andúchasach ó na fíonta ag a bhfuil an tuairisc 'Vendanges Tardives', amhail dea-bholaithe torthaí criostalaithe.

Blas

Bíonn iarbhlas úr ar na fíonta. Bíonn siad an-tiubhaithe agus bíonn dea-bholaithe an-mharthanach orthu.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	ina mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Maidir le Gewürztraminer Rs agus Pinot Gris G, is é 16 % neart alcóil nádúrtha na bhfíonta de réir toirte, agus is é 14,5 % an neart atá ann le haghaidh cineálacha eile.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Ainmniúchán agus na focail 'Sélection de Grains Nobles' ina dhiaidh

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Bíonn dath domhain dian ar na fíonta sin idir ómra go buí.

Dea-bholadh

Bíonn dea-bholaithe torthaí criostalaithe ar na fíonta go minic.

Blas

Na fíonta atá i dteideal a bheith lipéadaithe mar 'Sélection de Grains Nobles', bíonn siad níos tiubhaithe agus níos láidre. Bíonn siad an-tiubhaithe agus bíonn dea-bholaithe an-mharthanach orthu.

Faisnéis bhreise maidir le tréithe orgánaileipteacha

—

Saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	—
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	—
Aigéadacht iomlán íosta:	—
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	ina mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	—
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	—

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Maidir le Gewürztraminer Rs agus Pinot Gris G, is é 18,2 % neart alcóil nádúrtha na bhfíonta de réir toirte, agus is é 16,4 % an neart atá ann le haghaidh cineálacha eile.

☑ Aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo tá sí laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtas fíoneolaíoch

Córais treoraithe: dlús plandaithe

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Modh saothraithe

Tuairisc

Is é 4 500 planda in aghaidh an heicteáir dlús plandaithe íosta na bhfíniúnacha. Níor cheart an fhad idir sraitheanna na bhfíniúnacha a bheith níos mó ná 2 mhéadar. Ní bhíonn an spásáil sa tsraith idir na fíniúnacha níos lú ná 0,75 méadar agus ní bhíonn sí níos mó ná 1,50 méadar. Ón 25 Deireadh Fómhair 2011, maidir le sraitheanna atá laistigh de dháileacht, níor cheart spásáil atá níos leithne ná 3 mhéadar a bheith idir na sraitheanna tar éis iad a stoitheadh ó fhréamh.

Cleachtas fíoneolaíoch

Córais treoraithe: riail maidir le prúnáil

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Modh saothraithe

Tuairisc

Déantar na fíniúnacha a phrúnáil ina Guyot singil nó dúbailte agus 18 mbachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda.

Cleachtas fíoneolaíoch

Buain

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Modh saothraithe

Tuairisc

Is as fíonchaora a bhuantar de láimh a dhéantar na fíonta.

Cleachtas fíoneolaíoch

Méadú ar an neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas sonrach fíoneolaíoch

Tuairisc

Aon mhéadú ar an meán-neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte, níor cheart dó na céatadáin a leanas a shárú: 0,5 % de réir toirte i gcás fíonta a dhéantar as na cineálacha Gewürztraminer B agus Pinot Gris G, agus 1,5 % de réir toirte i gcás fíonta a dhéantar as cineálacha eile. Fíonta atá incháilithe chun na téarmaí 'Vendanges Tardives' nó 'Sélection de Grains Nobles' a bheith ag gabháil leo, níor cheart iad a shaibhriú.

Cleachtas fíoneolaíoch

Táirge

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Srian maidir le fíonóireacht

Tuairisc

Toirmisctear sliseanna adhmaid a úsáid.

Cleachtas fíoneolaíoch

Na fíonta a aibiú

Cineál an chleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas sonrach fíoneolaíoch

Tuairisc

Ní mór na fíonta a aosú go dtí an 1 Samhain ar a laghad den bhliain i ndiaidh na buana. Fíonta atá incháilithe chun na téarmaí 'Vendanges Tardives' nó 'Sélection de Grains Nobles' a bheith ag gabháil leo, ní mór iad a aibiú go dtí an 1 Meitheamh den dara bliain tar éis na buana ar a laghad.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir / cineál

Ainmniúchán ag a bhfuil an téarma breise 'Vendanges Tardives' nó gan an téarma sin

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht:	60
Aonad uastáirgeachta:	heictilítear in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál

Ainmniúchán agus an téarma 'Sélection de Grains Nobles' ina dhiaidh

Uastáirgeacht

Uastáirgeacht:	48
Aonad uastáirgeachta:	heictilítear in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó ar na cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

— Gewürztraminer Rs

— Muscat Ottonel B – Muscat, Moscato

— Muscat à petits grains blancs B – Muscat, Moscato

— Muscat à petits grains roses Rs – Muscat, Moscato

— Pinot Gris G

— Riesling B

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Déantar na fíonchaora a bhuain agus na fíonta a tháirgeadh, a fhorbairt agus a aibiú sna bardais seo a leanas, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2025:

— Roinn Haut-Rhin:

Bardais iomlána: Ammerschwihr, Beblenheim, Bennwihr, Bergheim, Bergholtz, Eguisheim, Gueberschwihr, Guebwiller, Hattstatt, Hunawihr, Ingersheim, Katzenthal, Mittelwihr, Niedermorschwihr, Orschwihr, Pfaffenheim, Ribeauvillé, Riquewihr, Rodern, Rouffach, Saint-Hippolyte, Soultzmatt, Thann, Turckheim, Vieux-Thann, Voegtlinshoffen, Westhalten, Wettolsheim, Wintzenheim, Wuenheim agus Zellenberg.

Na bardais a áirítear go páirteach: Kaysersberg Vignoble, críoch bhardais tharmligthe Kientzheim agus Sigolsheim amháin.

— Roinn Bas-Rhin:

Andlau, Barr, Bergbieten, Blienschwiller, Dahlenheim, Dambach-la-Ville, Eichhoffen, Kintzheim, Marlenheim, Mittelbergheim, Molsheim, Nothalten, Scharrachbergheim-Irmstett agus Wolxheim.

Rinneadh léarscáil ina shainítear teorainneacha an limistéir gheografaigh a thaisceadh le húdaráis bhardasacha na mbardas atá san áireamh go páirteach.

Is féidir breathnú ar léarscáileanna den limistéar geografach ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (INAO).

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Catagóirí na dtáirgí fíniúna

1. Fíon

Achoimre ar an nasc

A bhuí leis na dálaí aeráide a ghabhann le fíonghoirt na hAlsáise, tairbhíonn ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint ‘Alsace grand cru Froehn’ de cheann de na suíomhanna is fearr dá bhfuil ann. Agus na fíonghoirt neadaithe i ndúiche ghleoite na hAlsáise, cumasaíonn siad táirgeadh fíonta an-bhríomhar ag a bhfuil na mílte miondifríochtaí, saintréithe sonracha agus pearsantacht uathúil. De bhrí gurb í an aolchloch atá ceannasach agus go bhfuil na hithreacha domhain, táirgtear fíonta aramatacha torthaíocha saibhre casta ag a bhfuil an léiriú aigéadachta céanna, ar a bhfuil blas mianrach mór a dtagann méadú air leis an aosú, ainneoin na milseachta a bhraitear. Is iad na marlaí darb as an Lias ar ngaineamhchloch iarnaí chalcrach— saintréith grand cru Froehn — a thugann do na fíonta óga an leithead agus an fhlaithiúlacht agus do na fíonta aosaithe is í an mhianracht a thugann siad. Is teann láraithe í an chéad éifeacht, agus leathnaíonn sí ansin chun an aigéadacht a chuimsiú le teann a substainte. Le carachtar láidir na marlaí tugtar do na fíonta struchtúr láidir cuimsitheach, carachtar lena ngabhann searbhas éadrom a thugann fad don fhíon. Bíonn na fíonta an-aibí i bhfad ag bláthú. Cé go bhfuil siad fíneálta, is minic go mbaineann salandacht thaitneamhach leo. Tá na dálaí aeráide den scoth a bhíonn ann ag deireadh an tséasúir fabhrach don tiúchan ar an bhfiniúin agus d’fhorbairt an lobhaidh. Dá thoradh sin, is féidir fíonta a tháirgeadh as fíonchaora a bhuantar nuair a bhíonn siad ró-aibí. De bharr na tréimhse aibithe mar a leagtar síos sa tsonraíocht í, cumasaítear feabhsú na bhfíonta. Tá rialacha diana ann maidir leis an táirgeadh, amhail ceannbhrat leathan a choinneáil ar bun agus buain a dhéanamh de láimh. Trí na rialacha sin a ghlacadh, caomhnaíonn fíonsaothraithe na hAlsáise carachtar seanbhunaithe na bhfíonta, a bhfuil cáil orthu mar gheall ar a gcastacht agus ar a oiriúnaí atá siad lena gcoinneáil ar feadh tréimhse fada. Is iad na fíonta is fearr iad as fíonta an réigiúin seo. Tá meas níos airde ag daoine ar na fíonta sin ná mar atá acu ar fhíonta a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint ‘Alsace’ acu. Sa saothar de chuid Médard Barth dar teideal *Der Rebbau des Elsass und die Absatzgebieten seiner Weine,* a scríobhadh in 1958, moladh go hard an *lieu-dit* sin, a bhfuil cáil air inniu.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais/an mhaolaithe bhreise

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach sainithe

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Sa limistéar atá díreach in aice láimhe, arna shainmhíniú ag an maolú maidir le fíonóireacht, próiseáil agus aibiú fíonta, cuimsítear críoch na mbardas seo a leanas, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2025:

— Roinn Haut-Rhin:

Bardais iomlána: Bergholtz-Zell, Berrwiller, Buhl, Cernay, Colmar, Gundolsheim, Hartmannswiller, Herrlisheim-près-Colmar, Houssen, Husseren-les-Châteaux, Jungholtz, Leimbach, Obermorschwihr, Osenbach, Ostheim, Rorschwihr, Soultz-Haut-Rhin, Steinbach, Uffholtz, Walbach, Wattwiller, Wihr-au-Val agus Zimmerbach.

Na bardais a áirítear go páirteach: Kaysersberg Vignoble, críoch bhardas tarmligthe Kayserberg amháin.

— Roinn Bas-Rhin:

Bardais iomlána: Albé, Avolsheim, Balbronn, Bernardswiller, Bernardvillé, Bischoffsheim, Boersch, Bourgheim, Châtenois, Cleebourg, Dachstein, Dangolsheim, Dieffenthal, Dorlisheim, Epfig, Ergersheim, Ernolsheim-Bruche, Fessenheim-le-Bas, Flexbourg, Furdenheim, Gertwiller, Gimbrett (associated municipality, attached to Berstett), Goxwiller, Heiligenstein, Itterswiller, Kienheim, Kirchheim, Kuttolsheim, Mutzig, Nordheim, Oberhoffen-les-Wissenbourg, Obernai, Odratzheim, Orschwiller, Osthoffen, Ottrott, Petersbach, Reichsfeld, Riedseltz, Rosenwiller, Rosheim, Rott, Saint-Nabor, Saint-Pierre, Scherwiller, Seebach, Soultz-les-Bains, Steinseltz, Stotzheim, Strasbourg, Traenheim, Villé, Wangen, Westhoffen, Wissembourg agus Zellwiller.

Na bardais a áirítear go páirteach: Wingersheim les Quatre Bans, críoch bhardas tarmligthe Mittelhausen amháin.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Pacáistiú sa limistéar

An creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais/an mhaolaithe bhreise

Pacáistiú sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Ó tugadh isteach Dlí an 5 Iúil 1972, ní mór na fíonta a chur i mbuidéil i ranna Bas-Rhin agus Haut-Rhin agus a phacáistiú i mbuidéil 'Vin du Rhin' i gcomhréir le Foraithne Uimh. 55-673 an 20 Bealtaine 1955, Ordú an 13 Bealtaine 1959 agus Foraithne an 19 Márta 1963, nó i mbuidéil ag a bhfuil na saintréithe seo a leanas:

Soithí 300 cl: cabhail ghloine ar a bhfuil taobh díreach, ar a bhfuil cuma shorcóireach, ag a bhfuil scrogall fadaithe, nach mó ná na comhréireanna seo a leanas:

— cóimheas idir an airde iomlán agus an trastomhas buin idir 4,3 agus 5,0

— cóimheas idir airde iomlán agus airde na coda sorcóirí idir 2,4 agus 3,1

Soithí 150 cl: cabhail ghloine ar a bhfuil taobh díreach, ar a bhfuil cuma shorcóireach, ag a bhfuil scrogall fadaithe, nach mó ná na comhréireanna seo a leanas:

— cóimheas idir an airde iomlán agus an trastomhas buin idir 4,8 agus 5,2

— cóimheas idir airde iomlán agus airde na coda sorcóirí idir 2,1 agus 3,1

Soithí 100 cl: cabhail ghloine ar a bhfuil taobh díreach, ar a bhfuil cuma shorcóireach, ag a bhfuil scrogall fadaithe, nach mó ná na comhréireanna seo a leanas:

— cóimheas idir an airde iomlán agus an trastomhas buin idir 3,6 agus 5,0

— cóimheas idir airde iomlán agus airde na coda sorcóirí idir 2,1 agus 3,1

Soithí 75 cl: cabhail ghloine ar a bhfuil taobh díreach, ar a bhfuil cuma shorcóireach, ag a bhfuil scrogall fadaithe, nach mó ná na comhréireanna seo a leanas:

— cóimheas idir an airde iomlán agus an trastomhas buin idir 3,8 agus 5,1

— cóimheas idir airde iomlán agus airde na coda sorcóirí idir 2,8 agus 5,0

Soithí 50 cl: cabhail ghloine ar a bhfuil taobh díreach, ar a bhfuil cuma shorcóireach, ag a bhfuil scrogall fadaithe, nach mó ná na comhréireanna seo a leanas:

— cóimheas idir an airde iomlán agus an trastomhas buin idir 4,3 agus 5,1

— cóimheas idir airde iomlán agus airde na coda sorcóirí idir 2,5 agus 4,2

Soithí 37,5 cl: cabhail ghloine ar a bhfuil taobh díreach, ar a bhfuil cuma shorcóireach, ag a bhfuil scrogall fadaithe, nach mó ná na comhréireanna seo a leanas:

— cóimheas idir an airde iomlán agus an trastomhas buin idir 4,3 agus 5,1

— cóimheas idir airde iomlán agus airde na coda sorcóirí idir 2,5 agus 5,2

soithí níos lú ná 37,5 cl: cabhail ar a bhfuil taobh díreach, ar a bhfuil cuma shorcóireach, ag a bhfuil scrogall fadaithe, nach mó ná na comhréireanna seo a leanas:

— cóimheas idir an airde iomlán agus an trastomhas buin idir 3,3 agus 4,4

— cóimheas idir airde iomlán agus airde na coda sorcóirí idir 2,6 agus 3,0.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Bliain an fhíona a shonrú

An creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais/an mhaolaithe bhreise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Ní mór bliain an fhíona, mar aon le hainm an ainmniúcháin, a bheith le feiceáil in aon dearbhú a bhaineann le buain agus stoc, in aon doiciméid tacaíochta nó fógra, agus ar aon bhileog, lipéid, sonrasc nó coimeádán.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Gnáthainm

An creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais/an mhaolaithe bhreise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Is féidir ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint a fhorlíonadh le ceann de na gnáthainmneacha atá ar na cineálacha fíniúna, ar choinníoll go ndéantar na fíonta go heisiach as cineálacha fíniúna ar féidir tagairt a dhéanamh dóibh trí úsáid a bhaint as an ainm atá i gceist. Toirmisctear dhá ghnáthainm nó níos mó a úsáid ar an lipéad céanna. Seo a leanas na gnáthainmneacha sin: Gewürztraminer, Muscat, Muscat Ottonel, Pinot Gris, Riesling.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Téarmaí traidisiúnta 'Vendanges Tardives' agus 'Sélection de Grains Nobles'

An creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais/an mhaolaithe bhreise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Maidir le fíonta atá incháilithe chun an téarma 'Vendanges Tardives' nó 'Sélection de Grains Nobles' a bheith ag gabháil leo, ní mór an méid seo a leanas a chur in iúl freisin: - bliain an fhíona, - agus ceann de ghnáthfhoirmeacha ainm an chineáil fíniúna.

Teideal an cheanglais/an mhaolaithe

Léiriú ar an méid siúcra

An creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an cheanglais/an mhaolaithe bhreise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gceanglas/ar an maolú

Ní mór an méid siúcra, mar a shainítear le dlí an Aontais, a lua go soiléir i gcás fíonta geala a n-éilítear ceann de na 51 ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Alsace Grand Cru – lieu-dit' ina leith faoi théarmaí an ainmniúcháin sin. Bíonn feidhm aige sin nuair a chuirtear fíonta den sórt sin i láthair faoin ainmniúchán réamhluaite agus nuair a chuirtear ar fáil don phobal iad, nuair a sheoltar iad, nuair a thairgtear iad lena ndíol nó nuair a dhíoltar iad; rud nach féidir a dhéanamh mura luaitear an méid siúcra ar gach fógra, bileog, lipéad, sonrasc nó coimeádán a bhaineann leis. Níl feidhm aige sin maidir le fíonta a bhfuil 'Vendanges Tardives' nó 'Sélection de Grains Nobles'ar a lipéid.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://info.agriculture.gouv.fr/boagri/document_administratif-47631e47-a913-4910-9868-ad1c4b70bb3d